Ríomh-Fhoghlaim FÁS @ an Leabharlann

Beidh roinnt cúrsaí oiliúna ar líne ar fáil saor in aisce do dhaoine fásta ó mhí Dheireadh Fómhair 2009. Is féidir teacht ar na cúrsaí sna leabharlanna poiblí (agus tacaíocht ó éascaitheoir), nó sa bhaile, don té ar mian leis a bheith ag obair go neamhspleách.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair le FÁS ar an tionscadal seo a dtugtar Ríomh-Fhoghlaim FÁS @ an Leabharlann air.

Cuireadh tús leis an scéim ar bhonn trialach i mBaile Bhlainséir cheana féin, agus i roinnt leabharlann uirbeach eile, agus déanfar é a leathnú amach ar fud na tíre anois.

Beidh cúrsaí mar iad seo a leanas ar fáil saor in aisce ar líne; Bunchúrsa Ríomhaireachta, Ríomhphoist, Próiseáil Focal agus Úsáid Scarbhileoige chomh maith leis an CETR, Sláinte agus Sábháilteacht, Bunchúrsa Grianghrafadóireachta agus Bunchúrsa Airgeadais.

An té ar mian leis cúrsa a leanúint, cláraíonn sé agus tugann éascaitheoir tacaíocht dó sna leabharlanna ag amanna socraithe. An té ar mian leis cúrsa a leanstan go neamhspleách, tá fáilte roimhe sin a dhéanamh agus tá sé seo saor in aisce chomh maith.

Tosófar ar an tionscadal a chur i bhfeidhm i nDún na nGall i mí Dheireadh Fómhair, agus reáchtálfar roinnt seisiún eolais ag deireadh mhí Mheán Fómhair (sonraí thíos). Rachaidh an tionscadal go mór chun tairbhe na rannpháirtithe i dtaca le breisoiliúint le haghaidh deiseanna úra amach anseo.

Tá na cúrsaí ar fáil do gach duine fásta, is cuma cé acu tá siad fostaithe, ar lorg fostaíochta, éirithe as, srl. Is é an t-aon chritéar atá ann ná go bhfuil tú os cionn 18 mbliana.

Sceideal na seisiún eolais dóibh siúd ar suim leo dul ar na cúrsaí ar líne saor in aisce, atá á gcur ar fáil ag FÁS sna leabharlanna ar fud Chontae Dhún na nGall. Níl le déanamh ach bualadh isteach, nó scairt a chur ar do leabharlann áitiúil le do shuim a chur in iúl.

Thig sonraí leabharlainne a fháil ag http://wwwdonegallibrary.ie/

Leabharlann	Uimhir Ghutháin	Dáta	Am
Leabharlann Bhealach Féich	074-9175384	Dé Máirt 22 Meán Fómhair	6.00 – 8.00
Leabharlann Bhun an Phobail	074-9385110	Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair	10-30 -12.30
Leabharlann Charn Domhnach	074-9373701	Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair	1.30 –3.30
Leabharlann Bhun Cranncha	074-9361941	Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair	4.00 – 6.00
Leabharlann Bhéal Átha Seanaidh	071-9858824	Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair	11.00 – 1.00
Leabharlann Bhun Dobhráin	071-9829665	Dé Céadaoin 23 Meán Fómhair	2.00 – 4.00
Leabharlann Ráth Mealtain	074-9151414	Déardaoin 24 Meán Fómhair	11.00 – 1.00
Lárleabharlann, Leitir Ceanainn	0749124950	Déardaoin 24 Meán Fómhair	3.00 – 5.00
Leabharlann Leifir	074-9172726	Dé hAoine 25 Meán Fómhair	2.00 – 4.00